



# TCD AGUS AN GHAEILGE 2016-2017

## TCD AND THE IRISH LANGUAGE 2016-2017

### Fáilte an Phropoist

A chairde,

Tá cur chun cinn na Gaeilge mar chuid lárnach de shaol an Choláiste, agus aithnítear é seo mar is cuí i bPlean Straitéiseach an Choláiste, sna Scéimeanna Teanga leantacha agus sa Pholasáí Gaeilge nua a d'fhaomh an Bord i mí Eanáir 2016.

Cuireann Roinn na Gaeilge anseo go mór le léann agus tuiscint ar oidhreacht shaibhir na teanga. Molaim freisin an obair iontach atá déanta ag an Láirionad Léinn Teanga agus Cumarsáide (CLCS), go háirithe i bhforbairt abair.ie, an síntiseoir ceannródaíoch teanga i gcanúintí éagsúla na Gaeilge.

Tá Oifig na Gaeilge, mar aon le Coiste na Gaeilge, lárnach agus iad ag tacú le go leor gníomhaíochtaí cultúrtha, oideachais agus sóisialta i rith na bliana, agus cinníonn siad go bhfuil Coláiste na Tríonaíde chun tosaigh le comhfhontair chruthaitheacha a fhorbairt: go inmheánach le ranna agus oifigi sa Choláiste, agus go seachtrach le heagrais chathartha agus cultúrtha.

Bhí sé seo le feiceáil go sonrach agus ar bhealach dinimiciúil sa blhain comórtha 2016. Mar chuid d'imeachtaí comórtha an Choláiste ar Éíri Amach na Cáscá, bhí imeachtaí comhoibríocha ar siúl le Roinn na Gaeilge, le Séipíneacht an Choláiste, le Conradh na Gaeilge agus le Músaem na bPiarsach. Tugadh tacaíocht do shaothar drámatúil speisialta "an Trocaillín Donn", a léiriódh ag an gCumann Gaelach, ár gcumann mac léinn (fuair an dráma tacaíocht chomh maith ó Chiste Armharc-ealaíona agus Dearc-ealaíona an Phropoist).

Tugadh aitheantas do bheocht na Gaeilge i saol an Choláiste arís i 2016 nuair a bhuaigh an Cumann Gaelach bríomhar gradam Ghór na nGael don chumann Gaelach mac léinn is fearr don cheathrú huair (bhuaigh siad freisin in 2012, 2013 agus 2014), agus bhain siad amach roinnt dámhachtainí eile.

Tá an t-ádh orainn go bhfuil áis iontach ar lár an champais- Seomra na Gaeilge, seomra tiomanta do labhairt na Gaeilge. Tá ag éirí thar barr leis an áis go dtí seo, agus bhain go leor mac léinn agus baill foirne leas as i gcaitheamh na bliana seo caite, agus imeachtaí cultúrtha agus sóisialta ar siúl ann.

Tá rath i gcoíneáir ar ár scéimeanna cónaithe Gaeilge, agus tá an ról ambasadóra cultúrtha atá bainte amach acu le mic léinn idirnáisiúnta mar chuid de sin. Cuireann ár ranganna deonacha Gaeilge bealach isteach ar ghné thábhachtach de chultúr na hÉireann ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn ó thíortha éagsúla.

Táimid i gColáiste na Tríonaíde an-bhródúil as an méid atá déanta thar na céadta bliain anseo chun leasa na Gaeilge. I measc na ndaoine cáiliúla sa Choláiste a rinne gaisce don teanga tá William Bedell, (a bhí freagrach as an chéad aistíúchán go Gaeilge ar an Sean-Tiomna), Dubhghlas de hÍde (bunaitheoir Chonradh na Gaeilge) agus Máirtín Ó Cadhain (a bhí ina Ollamh tráth i Scoil na Gaeilge).

Molaim duit sa blhain amach romhainn, a oiread agus is féidir leat, leas a bhaint as na deiseanna agus na háséanna éagsúla Gaeilge sa Choláiste, agus taitneamh a bhaint astu

Le gach dea-ghuí,  
Patrick Prendergast, Propast.

### Welcome from the Provost

A chairde,

The promotion of the Irish language is an central part of College life, and this is duly recognised in the College's Strategic Plan, its successive Language Schemes and the new Irish Language Policy approved at Board in January 2016.

Our Irish Department makes an important contribution to the study and understanding of the language's rich heritage. I commend also the excellent work done by the Centre for Communication and Language Studies (CLCS), notably in the development of abair.ie, the pioneering text-to-voice synthesis technology in various dialects of Irish.

The Irish Language Office, along with Coiste na Gaeilge, is central in ensuring support for many cultural, educational and social activities throughout the year, and ensures Trinity is to the forefront in creative collaborations both internally with College departments and offices, and externally with civic and cultural bodies.

This bore particular and dynamic fruit in the centenary year of 2016, when as part of the College's commemoration of the Easter Rising, collaborative events were held with the Department of Irish, the College Chaplaincy, Conradh na Gaeilge and the Pearse Museum, and support was given to a special dramatic production of "An Trocaillín Donn" by An Cumann Gaelach, our Irish student society (also supported by the Provost's Visual and Performing Arts Fund).

The vibrancy of Irish in College life was yet again recognised in 2016 when the vibrant Cumann Gaelach won the prestigious Glór na nGael award for best Irish language student society for the fourth time (having won also in 2012, 2013 and 2014) as well as being successful in a number of other awards.

We are fortunate to have a wonderful facility on the centre of campus: Seomra na Gaeilge, a dedicated conversation room. This facility has been a tremendous success to date, and is been availed of by many students and staff throughout the course of the past year, as well as hosting cultural and social events in Irish.

Our Irish language residency schemes have enjoyed continued success, including their carving out of a cultural ambassadorship role with international students, while our range of voluntary Irish classes provide a gateway for staff and students of varying nationalities to an important dimension of Irish culture.

Trinity College takes great pride in its contribution over the centuries to the welfare of the Irish language. Numbered among our distinguished contributors are William Bedell, (who was responsible for the first translation of the Old Testament into Irish), Douglas Hyde (founder of the Gaélach League) and Máirtín Ó Cadhain (sometime Professor in the School of Irish).

I encourage you to participate and to enjoy as many as you can of Trinity's various opportunities and facilities in Irish in the year ahead.

Le gach dea-ghuí.  
Patrick Prendergast, Provost.



Coláiste na Tríonaíde, Baile Átha Cliath  
Trinity College Dublin

Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

## Oifig na Gaeilge

Dia dhaobh a chairde. Is mise Aonghus, Oifigeach Gaeilge an Choláiste. Táim anseo leis an Ghaeilge a chur chun cinn: i measc mhic léinn an Choláiste trí chabhair agus tacaíocht a thabhairt do mhuintir na scéimeanna cónaithe agus don Chumann Gaelach; i measc na mball foirne, trí imeachtaí éagsula a eagrú agus a éascú; agus sa saol i gcoitinne, trí imeachtaí spéisiúla cultúrtha a chur ar fáil.

Tugaim comhairle d'fhoireann an Choláiste maidir le forbairt seirbhísí dátheangacha ar fáil faoi réir Acht na dTeangacha Oifigíla agus Scéimeanna Teanga an Choláiste.

Tá neart deiseanna ar fáil - trí imeachtaí an Chumainn Ghaelaigh, ranganna agus seirbhísí Gaeilge (mar shampla i Leabharlann Berkeley), na scéimeanna cónaithe Gaeilge agus Seomra na Gaeilge - le saol leathan a chaitheamh trí mheán na teanga i TCD!

## Coiste na Gaeilge



**Free Irish translation service for TCD staff  
– just send the English text to [gaelofig@tcd.ie](mailto:gaelofig@tcd.ie)**

## Irish Language Committee

Tá Coiste na Gaeilge (fochoiste de chuid Bhord an Choláiste) ann ar mhaithle leis an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choláiste. Tá an Chathaoir folamh faoi láthair ach beidh cathaoirleach úr á cheapadh gan mhoill. Is as na réimsi seo a leanas a thagann na hionadaithe eile: Oifig na Gaeilge (Aonghus Dwane), Rúnai an Choláiste (John Coman); Comhairle an Choláiste (folántas); Cláraitheoir na Seomraí (Brigid Kane); na Déin (Joseph Barry); Riarchán agus Tacaíocht (Caoimhe Ní Lochlainn); Leabharlann an Choláiste (Clíona Ní Shúilleabháin); na i in Dháimh (Carmel O'Sullivan, Deirdre D'Arcy agus Colm Ó Dunlaing); Roinn na Gaeilge (Eoin MacCárthaigh); Aontas na Mac Léinn larchéime (folántas); Aontas na Mac Léinn (Úna Ní Artaigh); An Cumann Gaelach (Áine Haberlin).

Liam Dowling, uasal (Roinn na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí) a d'érigh as mar Chathaoirleach ar Choiste na Gaeilge i mí lúil 2016, óir bhí deireadh tagtha ar a théarma mar bhall de Bhord an Choláiste. Bhí Liam ag feidhmiú sa ról seo mar cathaoirleach ó mhí Dheireadh Fómhair 2010. Gabhaimid buiochas leis as a chuid oibre don Ghaeilge sa Choláiste agus guímid gach rath air amach anseo.

## Roinn na Gaeilge

Roinn bheag ach láidir atá i Roinn na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, agus stair láidir taobh thiar di – bunaíodh Cathaoir na Gaeilge in 1840. Tá an fhoireann beag, agus cuireann na mic léinn agus an fhoireann aithne mhaith a chéile i gcaitheamh a dtréimhse sa Choláiste. Táimid lonnaithe i mbloc na nEalaíon – déan teagmháil linn am ar bith. Ar na céarsaí atá ar fáil ag an Roinn tá an Luath- nó don Nua-Ghaeilge mar chuid de chúrsa modhnóireachta dhá ábhar, nó mar chuid de chéim aonónóra agus staidéar á dhéanamh ar an Luath- agus an Nua-Ghaeilge le chéile. Tá céarsaí trasdisciplíneacha ar fáil chomh maith againn. Mar shampla, is féidir tabhairt faoi chúrsa sa Léann Éireannach – céarsa a dhírionn don chuid is mó ar an nGaeilge, an Stair agus ar an mBéalta, ach in a ndéantar staidéar ar chultúr, ar thíreolaíochta agus ar socheolaíochta na hÉireann ar bhonn níos leithne, nó ar chéim san Eolaíocht, Riomhaireacht agus an Ghaeilge. Agus ar ndóigh is féidir gabháil d'íarchéimeanna taighde freisin sa Roinn. Cuirtear dhá chúrsa ar fáil do mhic léinn eachtrannacha a thagann go Coláiste na Tríonóide – ceann ina ndéantar staidéar ar litriocht agus ar theanga na tire ar bhonn acadúil, agus céarsa neamhfhoirméalta dóibh siúd ar mhaith leo Gaeilge bhunúsach a fhoghlaim agus iad sa tir. Cúrsa oíche is ea é seo, agus bionn fáilte roimh bhaill foirne

## Department of Irish

eachtrannacha ar an gcúrsa seo freisin. Beidh níos mó ná ‘cúpla focal’ acu roimh dheimid na bliana, agus bionn spraoi ag chuile dhuine sa rang chomh maith. Idir na céarsa seo ar fad, tá thart ar 200 mac léinn sa Roinn – dóthain le spraoi a bheith ag baint le saol an mhic léinn, ach líon sách beag le go mbíonn aithne phearsanta ag na mic léinn agus an fhoireann ar a chéile, agus bionn an-tacaíocht ann do na mic léinn. An tOllamh Damian MacManus atá ina Cheann Roinne.

Cuir tuilleadh aithne orainn féin, ar ár gcuíd céarsa agus ar ár gcuíd foileachán ag [www.tcd.ie/Irish](http://www.tcd.ie/Irish).

**Caoimhe Ní Bhraonáin  
Oifigeach Feidhmiúcháin,  
Roinn na Gaeilge**



## Modúl nua d'ábhair oidí

Tá modúl nua forbartha ag Scóil na nEolaiochtai Teangeolaiochta, Uirlabhra agus Cumarsáide, ag Scóil an Oideachais agus ag Roinn na Gaeilge d'ábhair oidí ar mhaith leo oiliúint faoi leith a fháil don teagasc trí mheán na Gaeilge. Tá an modúl dírithe ar mhic léinn atá ag gabháil don MPHil i dTeangeolaiochta Fheidhmeach nó don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO), a bheil Gaeilge mhaith acu, agus a bheil fonn orthu ábhair scoile dara leibhlé a mhúineadh trí Ghaeilge amach anseo e.g. i gColáiste Gaeltachta. Sa chéad bhliain den chúrsa MGO a chuirfean ar modúl nua seo ar fáil. Díreofar, ní hamháin ar na saincheisteanna agus ar na sainscileanna a roinneann leis an teagasc trí mheán na Gaeilge, ach cuirfean béim leis ar fhobair réimeanna teanga na mac léinn sna hábhair a bheidh á mhuineadh acu. Táthar ag súil leis gur féidir aghaidh a thabhairt leis an modúl seo ar roinnt de na mórdhúshláin a gcaithfidh an t-oideachas trí mheán na Gaeilge dul i ngleic leo.



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
Trinity College Dublin  
Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

# AN CUMANN GAELACH AG DUL Ó NEART GO NEART

Le roinnt blianta anuas, tá duaiseanna suntasacha náisiúnta de chuid Ghlór na nGael bainte amach uair i ndiaidh a chéile ag ár gCumann Gaelach- comhartha den ndíogras, den bhfinneamh agus den spraoi a bhaineann lucht an Chumainn as ár dteanga náisiúnta. Nár laga Dia a láimha! Tugadh aitheantas do bheocht na Gaeilge i saol an Choláiste arís i 2016 nuair a bhuaigh an Cumann Gaelach bríomhar gradam Ghlór na nGael don chumann Gaelach mac léinn is fearr don cheathrú huair (bhuaigh siad an chéad duais freisin in 2012, 2013 agus 2014), agus bhain siad amach roinnt dámhachtainí eile.



# AN CUMANN GAELACH



Dia dhaobh a chairde uilig! Áine ní hAberlin is ainm dom agus táim mar reachtaí ar an gCumann Gaelach i mbliana. Céad míle fáilte romhaibh go dtí Coláiste na Tríonóide. Is léir go bhfuil suim éigin agat sa Ghaeilge is tú ag léamh an broisíúr seo, mar sin tá tú tagtha go dtí an Coláiste ceart. Tá an t-ádh dearg leat mar is é an Cumann Gaelach i gColáiste na Tríonóide ceann de na Cumainn 3ú Leibhéal is fearr in Éirinn. (Bhí bua againn i gcomórtas 3ú Leibhéal Ghlór na nGael anuraidh!).

Tuigimid cé chomh tábhachtach is atá ár dteanga dhúchais anseo sa Choláiste agus déanfaimid ár seacht ndícheall an traidisiún láidir atá ann faoi láthair i leith na Gaeilge a chaomhnú. Bí páirteach a chairde, beidh go leor imeachtaí ar siúl againn, ní hamháin i Seachtain na bhFreshers. Beimid ag taisteal síos go Cill Airne le haghaidh ceann de na deireadh seachtaíne is fearr riamh- Oireachtas na Samhna - bailíonn na Cumainn Ghaelacha timpeall na tíre agus an pobal Gaelach i gcoitinne le chéile anseo chun ceiliúradh bríomhar a dhéanamh ar ár gcultúr. Beidh an ceiliúradh sin ag leanúint ar aghaidh don bláthain ar fad leis an gCumann. Bionn Ciocraí Cómhrá ar siúl gach Máirt i Seomra na Gaeilge ag a 7i.n agus an Lón Mór gach Céadaoin in éineacht le Oifig na Gaeilge ar a 1i.n. Bígí cinnte go bhfaigheann sibh ticéad don Ghig Mór Dé Luain i Seachtain na bhFreshers le DÁITHÍ agus bígí linn ansin don lón mór ar an Chéadaoin agus don “céili ar na céimeanna” ar an Déardaoin.

Táim ag tnúth le bualadh libh go léir chun píosa Gaeilge a labhairt agus an craic a bheith againn. Ná biadh riamh drogall ar bith oraibh dul i dteagmháil liom tríd an ríomhphost reachtaíre@cumann.ie. Tá tuilleadh eolais ar fail ar ár suíomh idirlín – cumann.ie

[www.cumann.ie](http://www.cumann.ie)

## Aontas na Mac Léinn The Students' Union



Dia dhaobh go léir! Is mise Úna Ní Artaigh agus táim mar Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn (AML) i mbliana. ‘Séard atá i gceist le mo phost ná nasc a chothú idir na daltaí, Aontas na Mac Léinn, Oifig na Gaeilge agus An Cumann Gaelach. Mar shampla, tá se de dhualgas orm an ríomhphost seachtaíniúil, an dialann AML agus roinnt foileacháin eile a astriú go Gaeilge. Anuas ar sin, freastalaím ar cruinnithe an Chumainn agus ar Fhóram an Aontais. Eagraíom ‘Eigse na Tríonóide’, seachtaíne a cheiliúránn an Ghaeilge ar champs, in éineacht leis an gCumann, Oifig na Gaeilge agus AML. Ná bí cúthail “haigh” a rá liom má fheiceann tú mé timpeall an champaí agus is féidir leat ríomhphost a sheoladh chugam ag [gaeilge@cdsu.org](mailto:gaeilge@cdsu.org) má tá aon mholtáí nó fadbhanna agat maidir leis an Ghaeilge agus an Coláiste. Ní neart go cur le chéile!

Mise le meas,  
Úna

## Súil siar ar 2015-2016 \* Súil siar ar 2015-2016 \* Súil siar ar 2015-2016 \* Súil siar ar 2015-2016

Seoladh leabhair:  
As Trunc Fernando  
Pessoa 14 Deireadh  
Fómhair

Seoladh abair.ie  
ag Oireachtas na  
Gaeilge

Lá Oscailte

Oíche Léiriúcháin  
na Scéimeanna  
Cónaithe

Éigse na Trónóide

Éigse Thuar  
Ceathá- agus  
bunú an  
Ghréasáin Foirne  
LADT (le tacáiocht  
ón gCiste  
Comhionannais)

Turas Fón Cliste  
Ealaíne (i gcomhar  
le Coimeádaí  
Bhailiúcháin an  
Choláisté)

Imeachtaí  
Sheachtain na  
Gaeilge 2016  
(ceolchoirm  
Ye Vagabonds  
agus Céili Mór)

Seoladh  
aistriúcháin  
Chré na Cille

Gradam Gnó na  
Gaeilge- Coláiste  
na Trónóide sa  
bhabhta ceannais



## Imeachtaí Comórtha 1916 -2016

Dráma:  
**AN TROCAILÍN DONN**  
Scíofa ag Úna Ní Artaigh  
Léirithe ag an gCumann Gaelach  
Le tacáiocht ó Oifig na Gaeilge  
agus Oifig an Phropaisit

Seimineár Poiblí le  
Conradh na Gaeilge:  
Cad is Brí le "Saor agus  
Gaelach" i 2016?

Éigse Litríochta:  
Oidhreacht an  
Phiarsaigh  
(i gcomhar le  
Roinn na Gaeilge)

Dinnéar Ard Fheise  
Chonradh na  
Gaeilge 27 Feabhra

Coláiste na  
Trónóide @  
Musaem na  
bPiarsach  
12 Mártá

RTÉ Reflecting the  
Rising 29 Mártá

Bronnadh bhoinn  
chomórtha 1916  
ar na mic léinn  
6 Aibreán



## Seomra na Gaeilge

## Irish Language Room

- Seomra na Gaeilge - seomra caidrimh do chainteoirí Gaeilge
- Ar oscailt i rith an téarma acadúil, 9.00am-4.30pm, Luan go hAoine
- Nuachtáin, leabhair, foilseacháin, cluichí boird i nGaeilge ar fáil sa seomra
- Imeachtaí eile á reáchtáil
- Téann tú isteach trí dhoras taobh thiar den Bhutrach, i mbÁ na Luibheolaíochta, agus suas ansin go barr an staighre.
- Gach eolas ar [www.tcd.ie/gaelofig](http://www.tcd.ie/gaelofig)

Treoracha agus eolas eile ar fáil ag  
[www.tcd.ie/gaelofig/seomra-gaeilge](http://www.tcd.ie/gaelofig/seomra-gaeilge)

**TAE  
AGUS  
BRIOSCAÍ  
AR  
20c!**

## An Scéim Chónaithe



## Irish Language Residency Scheme

- Lóistín lan-Ghaeilge le haghaidh mac léinn i mblianta 1-4
- Árasán ar champus agus i Halla na Trónóide
- An Ghaeilge á chur chun cinn ag lucht na Scéime i rith na bliana
- Deontas €1,000 an duine ar fáil

Gach eolas ar [www.tcd.ie/gaelofig/sceim-chonaithe](http://www.tcd.ie/gaelofig/sceim-chonaithe)

**Próiseas iarratais ag oscailt i mí Feabhra!**

## Dátaí don dialann Dates for your diary

### Comhdháil Chré na Cille 2 - 14 Deireadh Fómhair

Beidh Comhdháil Chré na Cille 2 ar siúl ó 10am go 4pm Dé hAoine, 14 Deireadh Fómhair 2016 i Lárionad Aistriúchán Litríochta Choláiste na Trónóide, 36 Sráid na bhFíníni, Baile Átha Cliath. I measc na gcainteoirí tá: Cathal Ó Hainle, Ian Ó Caoimh, Caoimhín Mac Giolla Léith, Micheál Ó Crónín, Micheál Briody, Brian Ó Conchubhair agus Micheál Ó Conghaile. Tá an chomhdháil á heagrú ag Cló Iar-Chonnacht i gcomhar le Roinn na Gaeilge, Coláiste na Trónóide, Litríocht Éireann agus IMRAM. Tuilleadh eolais ó emaccart@tcd.ie

### Siompóisiam ar an tSochtheangeolaíocht Cheilteach - 13 & 14 Deireadh Fómhair

Tá Siompóisiam ar an tSochtheangeolaíocht Cheilteach á eagrú ag Scoil an Oideachais ar an 13ú agus 14ú Deireadh Fómhair 2016. Cuirfear fáilte roimh scoláirí aitheanta a bhíonn ag plé le sochtheangeolaíocht na dteangacha Ceilteacha - An Ghaeilge, Gaeilge na hAlban, An Mhannanais, An Bhreatnais, An Chornais agus an Bhriotáinis. Cíofar na mórcheisteanna a dtéann scoláirí agus cainteoirí na dteangacha sin i ngleic leo. Cuirfear páipéir i láthair, cuir i gcás, ar fheidhmíú na dteangacha Ceilteacha san oideachas, an dearcadh i leith na dteangacha difriúla, agus ar ról na meán i gcothú na dteangacha Ceilteacha. Tá an clár agus eolas eile a bhaineann leis an imeacht ar fáil ar [celticsociolinguistics.com](http://celticsociolinguistics.com) agus is féidir teachtaireacht a chur chuig [celticsociolinguistics@gmail.com](mailto:celticsociolinguistics@gmail.com) má tá eolas breise de dhíth.

## Imeachtaí eile Other events

- Lá na Gaeilge ar champas - 20 Deireadh Fómhair
- Cósir i dTeach an Ardmhéara - 24 Deireadh Fómhair
- Maidens na Gaeilge (comórtas diospóireachta) - An chéad téarma (2016)
- Oireachtas na Samhna i gCill Airne - 4-6 Samhain 2016
- Éigse na Trónóide - 6-10 Feabhra 2017
- An Bál Gaelach - sa dara théarma (2017)

## Other events

- Ciocail Comhrá an Chumainn - (óiche Mháirt, Seomra na Gaeilge, 6.30pm)
- An Chéadaoin @ an Bhutrach - (gach Céadaoin, 10.30am)
- An Lón Gaeilge - (uair sa tseachtain, 1pm, Seomra 3104, Foirgneamh na nEalaíon)
- Anraith agus Arán i Seomra na Gaeilge - (Seomra na Gaeilge, 1pm gach Céadaoin)

## Gradaim na Gaeilge

I mbliana, bronnnfar Gradaim na Gaeilge, le haitheantas a thabhairt don obair ar son na teanga ata déanta ag mic léinn, baill foirne agus alumni. Féach [www.tcd.ie/gaelofig/gradaim.php](http://www.tcd.ie/gaelofig/gradaim.php)

## Seirbhísí Gaeilge

Tá gach eolas faoi na seirbhísí Gaeilge sa Choláiste ar fáil trí an nasc "Gaeilge" ar phríomhleathanach baile an Choláiste a bhrú.


## Irish Language Services



## Seirbhísí custaiméara

Bí ag faire amach do "G" in aice le baill foirne ar PeopleFinder: léiríonn sé go bhfuil baill foirne lán-sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge leat!

## An Ghaeilge sa Leabharlann



Cuireann an Leabharlann turais treoshuimh i nGaeilge ar fáil do mhic léinn na chéad bliana gach bliain agus do gach comhalta den Choláiste, ach coinne a dhéanamh. Maidir le turais féin-treoraithe, féach an Treoirleabhar Leabharlainne (PDF).

Tá ball foirne ar fáil chun gnó a dhéanamh i nGaeilge ag deasca iasachta Berkeley agus Hamilton le linn uaireanta oifige, Luan go hAoine (9.30r.n.-3.30i.n.).

Tá micreá-shuíomh Gaeilge ann agus tá comhéadan na catalóige agus an córas Fast Lane ar fáil go dátheangach.

Tá an bailiúchán leabhair Gaeilge ar an 3ú hUirláir i Leabharlann Ussher, irisí Gaeilge in íoslach an Ussher agus tuilleadh ábhar sna Cruacha Sriantha. Tá ábhar Gaeilge ar fáil i go leor bunachair ar líne. Is féidir a theacht ar an ábhar sin uilig ach é a chuartú i gcatalóg na Leabharlainne.

Tá saothair scoláirí Gaeilge áirithe á gcoimeád ag Leabharlann Lámhscríbhinní & Taighde Cartlainne (MARL) agus is féidir iad a fheiceáil ach socrú a dhéanamh le MARL.

Teagmháil: [Cliona.NiShuilleabhain.cosullvn@tcd.ie](mailto:Cliona.NiShuilleabhain.cosullvn@tcd.ie)

## Irish in the Library

## Seirbhísí eile



- Turais trí Ghaeilge ar Leabhar Cheannais Teagmháil: Anne-Marie Diffley, 896 2320
- Seirbhísí Leabharlainne Catalóg na Leabharlainne, Treoir Leabharlainne agus larratas ar Thicéad Léitheora ar Cuaireat ar fáil trí Ghaeilge
- Urlabhráithe, Foilseacháin agus Leathanaigh Ghréasáin Liostaí ar fáil ag [www.tcd.ie/gaelofig/gaeilge/tuilleadh-eolas.ga.php](http://www.tcd.ie/gaelofig/gaeilge/tuilleadh-eolas.ga.php)
- Leagann Scéim Teanga Choláiste na Trónóide síos na bealaigh ina gcuirfidh an Coláiste feabhas ar ár gcuid seirbhísí Gaeilge. Is féidir Scéimeanna Teanga Choláiste na Trónóide a léamh ag [www.tcd.ie/gaelofig/acht-na-dteangacha-oifigula/sceim](http://www.tcd.ie/gaelofig/acht-na-dteangacha-oifigula/sceim)

## Turas Ealaíne ar Fón Chliste

Tá turas ar bhailiúchán ealaíne an Choláiste ar fáil i nGaeilge ar d'fhón cliste, agus beidh turais threoraithe á eagrú againn ar an mbailiúchán freisin i rith na bliana. [www.tcd.ie/artcollections/art-campus/index.ga.php](http://www.tcd.ie/artcollections/art-campus/index.ga.php)

## Smart Campus Art Tour

- Twitter: @GaelofigTCD, @AnCumannGaelach
- Facebook: GaelofigTCD, CumannGaelachTCD
- Website: [www.tcd.ie/gaelofig](http://www.tcd.ie/gaelofig), [www.cumann.ie](http://www.cumann.ie)



## Ranganna Gaeilge



- SAOR IN AISCE
- Do mhic léinn agus do bhaill foirne
- 5 leibhéal, ó ghlanthosaitheoirí go hardrang comhrá
- Béim ar an chaint
- 1 uair sa tseachtaí, 8 seachtaíne sa téarma
- Lá Eolaí agus Clárúcháin ag túis gach téarma

Eolas ar leibhéal agus ar chlárúchán: [www.tcd.ie/gaeloifig/ranganna](http://www.tcd.ie/gaeloifig/ranganna)

### Teastas Eorpach na Gaeilge

Cailíocht é “TEG” atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Leanann ranganna Gaeilge Choláiste na Tríonóide siollabas TEG. Tugtar tacaíocht d'éinne sa rang atá ag iarraidh tabhairt faoi TEG – an scrúdú béis nón an scrúdú ionmlán. Gheobhaidh baill foirne an Choláiste táille an scrúdaithe béis (€50) ar ais ó Oifig na Gaeilge, mar chostas traenála. Má tá suim agat TEG a dhéanamh, labhair le hAonghus ar 896-3652.

## Irish Classes

- FREE
- For staff and students
- 5 levels, from total beginners to advanced conversation
- Emphasis on spoken Irish
- 1 hour per week, 8 weeks per term
- Information and Registration Day at the start of each term

Information on levels and registration:  
[www.tcd.ie/gaeloifig/en/ranganna](http://www.tcd.ie/gaeloifig/en/ranganna)

### European Certificate in Irish

The European Certificate in Irish (“TEG”) is an internationally-recognised qualification. Trinity College Irish classes follow the TEG syllabus. Support is given to anyone in the class who wants to do TEG – either the oral exam or the full exam. College staff members can reclaim the fee of the oral exam (€50) from the Irish Language Office, as a training expense. If you’re interested in doing TEG, talk to Aonghus at 896-3652.

[www.teg.ie](http://www.teg.ie)

## An Láirionad Léinn Teanga agus Cumarsáide Centre for Language and Communication Studies (CLCS)

- Modúil Ghaeilge ar fáil mar chuid den Churaclam Leathan (meán- agus ardleibhéal)
- Áiseanna féin-teagaisc ina leabharlann agus ina seomraí ríomhairí
- “An focal scíofa go caint bheo” ar [www.abair.ie](http://www.abair.ie), an sintéiseoir Gaeilge

[www.tcd.ie/slscs/clcs](http://www.tcd.ie/slscs/clcs)



### An Chéadaoin @ An Bhutrach

Comhrá, caife agus craic as Gaeilge gach Céadaoin sa Bhutrach, 10.30-11.30am.

Fáilte mhór roimh mhic léinn, bhaill foirne agus phobal na Gaeilge i gcoitinne. Tá an imeacht bríomhair, taitneamhach seo ar síúl le seachtaí mblianaanois- agus bíonn an caife thar barr freisin! Bígí linn le lár na seachtaíne a cheiliúradh!

### Lón Gaeilge don Fhoireann Staff lunch in Irish

- Uair sa tseachtaí (Máirt nó Céadaoin- le dearbhú, coinnigh síúl ar [www.tcd.ie/gaeloifig](http://www.tcd.ie/gaeloifig)), 1pm, Seomra 3104, Foirgneamh na nEalaíon.
- Fáilte roimh baill foirne uile an Choláiste!
- Tae, caife agus brioscáí ar fáil – tóg do lón féin leat.
- Buíochas mór le Noel Ó Murchadha agus Scoil an Oideachais as an ócáid seo a eagrú.



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
Trinity College Dublin

Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

T: 01 896 3652  
[gaeloifig@tcd.ie](mailto:gaeloifig@tcd.ie)  
[www.tcd.ie/gaeloifig](http://www.tcd.ie/gaeloifig)